Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7819/1/26**
**REV 1**

**ENV 296**
**MI 304**
**ENT 61**
**IND 221**
**CONSOM 104**
**COMPET 386**
**DELACT 59**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH TARMLIGTHE (AE).../... ÓN gCOIMISIÚN an 25 Feabhra 2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí oibreoirí eacnamaíocha áirithe a úsáideann clúdaigh agus strapaí pailléid a dhíolmhú ó cheanglais athúsáide 100 % na bhformáidí pacáistíochta sin<br>- Rún gan agóid a dhéanamh |

1. Chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe thuasluaite[1] faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE, agus go háirithe Airteagal 29(18) pointe (a) de Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE[2].

2. Thug an Coimisiún fógra faoin gCinneadh Tarmligthe seo an 25 Feabhra 2026; féadfaidh an Chomhairle, dá réir sin, agóid a dhéanamh ina choinne go dtí an 27 Aibreán 2026.

---

1 6986/26.
2 IO L, 2025/40, 22.1.2025.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol an gníomh tarmligthe ag an gcruinniú a bhí aici an 27 Márta 2026. Léiríodh sa phlé a rinneadh ag cruinniú na Meithle um an gComhshaol nach raibh aon tromlach cáilithe treisithe i bhfabhar agóid a dhéanamh i gcoinne an Chinnidh Tharmligthe[3].

4. Tar éis don tréimhse agóide 2 mhí dul in éag – agus mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa ina choinne – tabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit faoin gCinneadh Tarmligthe agus gabhfaidh éifeacht leis ar an bhfógra sin a fháil.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) a mholadh don Chomhairle a dhearbhú, mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, go bhfuil sé ar intinn aici gan agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe agus go bhfuil an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa le cur ar an eolas faoi sin.

---

[3] Rinne BG, CZ agus IT agóid i gcoinne an Chinnidh Tharmligthe.